

island was evacuated in 1953. Unlike the other two authors, Peig was illiterate, so her work was collected entirely through dictation.


- ◆ Ó Súilleabháin was born in 1904, and besides that, he was writing as a young man. It is striking that by the end of the book he is writing about his experiences in Dublin, training to be a member of the Civic Guard, and he wrote the memoir while posted in Conamara. He was not to write a memoir from the perspective of old age, as he drowned in 1950.

Literature, Anthropology, Nostalgia

These works quickly became classics in the Irish language, and required reading. *Peig* is said to have turned more people against the language, because it was required reading at probably an inappropriate age, supported by dreadful teaching methods, than just about any other force in the last hundred years.

These works were about much more than the language, however. The Blaskets were so isolated that

The Village - Great Blasket Island



these records tell us about a very different way of life, trapped in an earlier time, almost oblivious to the arrival of the 20th Century (which is what makes Ó Súilleabháin so interesting, since he was clearly moving into modern life instead of looking back).

Unfortunately, these works also became cornerstones of the stereotyped view we have discussed from time to time, almost a "noble savage" conception, where the proper function of Irish literature was to preserve the past and paint the Gaeltacht as it always was. There were many people in the revival

movement and in academic circles who wanted to constrain writing in Irish to these nostalgic narratives, something that people like Máirtín Ó Cadhain or Seosamh Mac Grianna – authors who wanted to wrestle with modern life, but in Irish -- couldn't support in the least.

Note on Translation Aids

I have *no* objection whatsoever if you have an English translation of any of these works and use it to help follow things. Just use it as an aid to, not a replacement for, your own translation work.

In particular, note that the Robin Flower translation of "The Islandman" is not in the least literal -- there are whole chunks of information in the English that are not there, or not in the same place in the Irish -- so, again, it is helpful but not a substitute for the real thing. (There's a later translation that is closer to the Irish original.)

OPENING STATEMENTS

The following excerpts are all from very early on in the respective works, not always the first sentence, but from the first couple of pages in each case.

An tOileánach: Tomás Ó Criomhthain

Is CUIMHIN liom mé a bheith ar bhrollach mo mháthar. Ceithre bliana a bhíos sular baineadh de dhiúl mé. Is mé dríodar an chrúiscin, deireadh an áil. Sin é an réasún ar fágadh chomh fada ar na cíocha mé.

Bhíos i mo pheata ina theannta sin. Ceathrar deirféar agam agus gach duine acu ag cur a ghoblaigh féin i mo bhéal. Bhíos mar a bheadh gearrcach éin acu: Máire Dhónaill, Cáit Dhónaill, Eibhlín Dhónaill agus Nóra Dhónaill, Pádraig Dhónaill agus Tomás Dhónaill. Sin iad an t-ál a bhí againn ann. Bhíodar seo ar fad mór le linn mise a bheith i mo bháb sa tslí is nárbh iontas dom a bheith i mo pheata eatarthu. Ní raibh mórshúil chuige liom san am ar bhuaileas chucu.

Fear ná raibh ard a b'ea m'athair, teann téagartha. Bhí mo mháthair in airde póilín go rábach; í scafánta, lúfar, fionn-ghléigeal. Ach le linn mise a bheith ar a brollach aici ní raibh an scamhard ar an mbainne cíche. Agus, rud eile, mé féini mo ghamhain seanbhó, agus deacair a thóflaint. . . .

. . . Tigh beag caol ar mhaireamar ann; luachair ón gcnoc air. Is minic a bhí nead circe in airde ina dhrom agus dosaen ubh inti. Bhí leaba shocair sa chúinne ann agus dhá leaba i dtóin an tí. Bhíodh dhá bhó ann, dhá mhuc; na cearca agus a gcuid ubh istigh, agus asal... agus an méid seo againn féin. Bhí cúl an tí le muintir, is é sin, bhí a dhoras ó thuaidh agus doras na coda eile go léir ó dheas. . . .

. . . Ó Dhún Chaoín treabhchas m'athar; phós sé san oileán seo. Ó phoróiste Fionntrá treabhchas mo mháthar. Bhíodar araon toilteanach lena chéile; ní raibh an galar orthu a bhíonn ar a thuilleadh acu go gcaitear maide a thabhairt do chuid maith acu.

Fiche Blian ag Fás: Muiris Ó Súilleabháin

Buachaill is ea mise a rugadh agus a tógadh thiar sa Bhlascaod Mhór, an t-oileáinín fíorghaelach atá suite thiar thuaidh ar chósta Chiarraí, go bhfuil síonta na spéire agus tonnta na mara fiaine ag síorstealladh gan staonadh ó cheann ceann na bliana agus ó ghlúin go glúin i gcoinne na gcarraigeacha méisceach atti ina seasamh os cionn na farraige, agus as san isteach trí sna cuaiseanna mar a bhfuil na róinte ag neadú.

Is maith is cuimhin liom, in aois mo cheithre mbliana dhom, is é an áit go rabhas ná i nDaingean Uí Chúise fé choimhde mná iasachta; mar ná rabhas ach leathbhliain d'aois nuair a fuair mo mháthair bás, beannacht Dé dhílis lena hanam agus le hanmacha na marbh. Dá bhrí

sin, ní raibh éinne chun aire a thabhairt domsa. Beirt dearthár agus beirt deirféar a bhí agam, ach ba bheag an chiall a bhí acu san ach oiread liom féin chun aire chóir a thabhairt dom. Dá dheascaibh sin, do chuir m'athair fé choimhde mná iasachta mé go Daingean Uí Chúise, fé mar a dúrt cheana.

Ba mhór go léir an smacht a bhíodh orainn, mar do bhí go leor eile mar mise ann, agus níl aon bhaol, pé áit go mbíonn scata páistí, ná go mbíonn siad crosta agus gleoch go maith uaireanta. Mhuise, ba mhór é ár ndochma roimh an scoil -- ach ní galar éinne amhain é, is é mo mhórtuairim--mar bhí si 'ar múineadh m/fistrefis a bhí comh liath le broc, dhá stranfhiacal lasmuigh anuas do liopa a béil, agus mara raibh sí crosta, ní lá fós é.

Peig: Peig Sayers

SEANBHEAN is ea mise anois, a bhfuil cos léi san uaigh is an chos eile ar a bruach. Is mó bogra is cruatan curtha agam díom, ón gcéad lá a saolaíodh mé go dtí an lá atá inniu ann. Dá mbeadh fhios agam go mbeadh a leath, ná a thrían, i ndán dom ní bheadh mo chroí ná m'intinn chomh haerach ná chomh misniúil is a bhí i dtosach mo shaoil. Is é an áit inar saolaíodh mise ná i mbaile beag iargúlta ag bun Shliabh an Iolair i nDúnchaoin, sa bhaile sin a bhfuil Tigh Mhóire ann. Ní ansin a phós m'athair is mo mháthair ach i bParóiste Fionntrá, mar ar mhaireadar tamall sular aistríodar go Dúnchaoin.

Ní raibh mórán fáiltais ag mo mhuintir; féar dhá bhó de thalamh a bhí acu. Ná raibh mórán de shonas an tsaol orthu. . . .

. . .De dheasca an mhí-áidh a bheith ag gabháil stealladh dóibh i gcónaí is amhlaidh d'aistrigh m'athair is mo mháthair ó Pharóiste Fionntrá go Dúnchaoin; ach ba é dul ón teas go dtí an fuacht dóibh é. Ná raibh ag éirí leo i nDúnchaoin ach oiread le Fionntrá.

Tomás mac an tSaoir ab ainm do m'athair, agus Peig Ní Bhrosnachcáin ab ainm do mo mháthair. Bean mhín mhacánta ba ea í, agus bean leathan láidir leis, uair. Bhí ag éirí leo go hálainn an chéad sé bliana tar éis pósta dóibh. Bhí triúr clainne acu, beirt mhac is iníon. Sin ar mhair den chlainn acu, áfach. As sin amach bhí ó dhuine go duine ag fáil bháis orthu nó go raibh naonúr curtha acu. Bhí mo mháthair bhocht buartha cráite de dheasca na bpáistí a bheith ag fáil bháis uirthi. Bhí an tsláinte is an misneach ag sleamhnú uaithe in aghaidh an lae sa tslí nach raibh fonn ná fiach ar an mbean bhocht.

Buaileadh isteach ina haigne dá mbeadh an áit sin fágtha aici go mb'fhéidir go mbeadh an t-ádh uirthi. Dá bhrí sin, bhí giob geab aici ar m'athair féachaint arbh fhéidir leis aon áit a fhail

chun cónaithe ann bun os cionn leis an áit ina raibh siad. Ar ámharáí an domhain chuala sé go raibh a thigh is a thalamh á dhíol i mBaile Bhiocáire ag an bhfear a bhí ina chónaí ann, agus é féin ag imeacht go dtí an tOileán Úr. Bheartaigh sé ar é cheannach is cheannaigh. . . .

. . . Ní rabhadar ina gcónaí ann ach leathbhliain nuair a saolaíodh mise, agus is ar mo mháthair a bhí an lúcháir nuair a bhíos-sa ag éirí suas chuici. Is mé an t-aon duine amháin as an deichniúr déanach a mhair aici. Dá dheasca sin, bhíos i mo pheata ag gach aon duine, agus go mórmhór ag mo dhearthair, Seán.